EIGE
An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne

Foréigean in aghaidh na mban a chomhrac

ÉIRE

NON.
NO.
NEIN.

Say No!
Stop
violence
against
women

Stádas neamhionann ban sa tsochaí, ar léiriú é ar dháileadh neamhchothrom cumhachta sóisialta, polaitiúla agus eacnamaíche sa tsochaí idir mná agus fir atá taobh thiar den **fhoréigean in aghaidh na mban**. Is ceann de na sáruithe is forleithne ar chearta an duine lenár linn é, agus is cineál idirdhealaithe é a bhfuil sé mar thoradh air, nó a d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh air, go ndéanfaí dochar fisiciúil, gnéasach, síceolaíoch nó eacnamaíoch do mhná ([1]). Baineann foréigean in aghaidh na mban de dhínit agus sláine ban agus déanann sé dochar mór do theaghlaigh, do phobail agus don tsochaí. Tugann na meastacháin a rinneadh in AE le fios go bhfuil foréigean fisiciúil nó gnéasach, nó an dá rud, fulaingthe ag 1 bhean as 3 (nó 61 mhilliún as 185 mhilliún), ó bhí siad 15 bliana d'aois ([2]).

Is deacair a fhairsinge is atá an foréigean i gcoinne na mban a mheas toisc nach dtuairiscítear é i gcónaí agus toisc go mbaineann stiogma leis. Fágann sé sin nach bhfuil sa mhéid a thuairiscítear ach cuid den fhoréigean. Tá muinín ag níos mó ná 70 % den daonra in Éirinn as na póilíní ([3]).

Is ceann de thorthaí an Innéacs Comhionannais Inscne 2015 de chuid EIGE ná go mbíonn an leibhéal foréigin a nochtar níos airde nuair atá níos mó muiníne ag daoine as institiúidí ceartais ([4]). Meastar go bhfuil foréigean fulaingthe ag 26 % de mhná na hÉireann, ar figiúr é sin atá 7 % níos lú ná figiúr iomlán de chuid AE ([5]).

Tá meastachán déanta ag an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne go bhféadfadh costas € 990 milliún in aghaidh na bliana a bheith ag baint le foréigean teaghlaigh in aghaidh ban in Éirinn. Ríomhadh an figiúr sin trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht a úsáideadh i staidéar a rinneadh in 2014 de chuid na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne ([6]) ar féidir le Ballstáit é a mhacasamhlú, mar a rinne an Eastóin in 2016 ([7]).

Céard iad na fíricí?

- **Tá drochíde sa teaghlach imithe i gcion ar 29 % de mhná na hÉireann ([8]).**
- **Tá stalcaireacht imithe i gcion ar 12 % de mhná agus cailíní na hÉireann os cionn 15 bliana d'aois, agus is é páirtí nó iarpháirtí a rinne an stalcaireacht i gcás 50 % acu ([9]).**
- **Tá ardú tagtha ar líon na gcionta gnéasacha a taifeadadh in Éirinn ó 1 801 in 2005 go 2 356 in 2015 ([10]).**
- **Meastar go raibh 183 íospartach gáinneála in Éirinn ó 2010 go 2012, ar mhná iad 77 % acu ([11]).**
- **Léiríonn torthaí suirbhé na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha gur fhulaing 1 bhean as 4 in Éirinn foréigean fisiciúil agus/nó gnéasach ó bhí siad 15 bliana d'aois, agus tá aithne ag 41 % de mhuintir na hÉireann ar bhean, ar bean mhuinteartha nó cara í, a d'fhulaing foréigean teaghlaigh ([12]).**

Nuair atá muinín sa Phóilíní ag leibhéal íseal, bíonn drogall ar íospartaigh foréigean a thuairisciú.

An coir é an foréigean in aghaidh na mban in Éirinn?

D'ainneoin nach bhfuil aon dlí sonrach maidir le foréigean in aghaidh na mban in Éirinn, caitear le foréigean teaghlaigh agus foréigean gnéasach (gáinneáil ar ghnéas san áireamh) mar chionta coiriúla tromchúiseacha. Is cion coiriúil freisin é éigniú sa phósadh. Tá cosc ar chiorrú baill ghiniúna ban, fiú lasmuigh de chríoch na hÉireann.

Céard a dhéantar chun foréigean in aghaidh na mban a dhíothú in Éirinn?

D'fhorbair an Oifig Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe a Chosc (Cosc) an dara Straitéis Náisiúnta ar Fhoréigean Teaghlaigh, Gnéasach agus Inscne (2016–2021) i gcomhairle le gach eagraíocht ábhartha stáit agus neamhrialtasach. Glactar cur chuige cuimsitheach sa straitéis maidir le foréigean in aghaidh na mban a chomhrac; is í an aidhm atá aici meon aigne na sochaí a athrú sa chaoi is go laghdófaí foréigean teaghlaigh agus gnéasach, seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh agus do mharthanóirí a fheabhsú, agus go mbeidh siad siúd atá freagrach as an bhforéigean cuntasach as a ngníomhartha ([13]).

Foilsíodh an dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Mná, Síocháin agus Slándáil in 2015. Leagtar béim faoi leith ar mhná agus ar chailíní a chosaint ó fhoréigean ar bhonn inscne agus ó theacht i dtír gnéasach, agus ó dhrochíde i gcúinsí géarchéime agus coinbhleachta ([14]).

Tugann dea-chleachtais dea-shampla

Faoi ghníomh 16 de Straitéis Náisiúnta na hÉireann, bhunaigh Cosc Coiste Cláir dóibh siúd atá Freagrach as Foréigean Teaghlaigh chun tacaíocht a thabhairt agus comhordú a dhéanamh ar an obair a dhéantar i gcláir idirghabhála d'fhir a d'úsáid foréigean teaghlaigh acu in aghaidh pháirtí nó iarpháirtí mhná ([15]).

Clár den saghas sin é MOVE (Fir ag fáil an ceann is fearr ar an bhForéigean), ar clár oibre ghrúpa struchtúrtha é d'fhir atá nó a bhí foréigneach i gcaidreamh pearsanta. Is é cuspóir an chláir cabhrú leis na rannpháirtithe freagracht a ghlacadh as a bhforéigean agus an rogha a dhéanamh iad féin a iompar ar bhealach eile sa todhchaí. Is é príomhaidhm MOVE sábháilteacht ban agus leanaí a chinntiú agus ag an am céanna oibriú le fir a úsáideann an lámh láidir. Ar an ábhar sin, soláthraíonn MOVE eolas, tacaíocht agus pleanáil sábháilteachta do gach páirtí/iarpháirtí mná de na fir atá ag freastal ar na cláir MOVE nuair atá a bpáirtithe/iarpháirtithe ag freastal ar an gclár agus ina dhiaidh ([16]).

Conas a thugtar cosaint do mhná agus do chailíní?

De réir dlí, tá rochtain ag íospartaigh ban d'fhoréigean teaghlaigh in Éirinn ar chosaint. Is féidir leis an gcúirt ordú cosanta, urchoisc agus/nó sábháilteachta a dhéanamh in aghaidh céile nó páirtí atá foréigneach. Forfheidhmítear na horduithe sin sa chás go bhfuil sé riachtanach chun leas nó sábháilteacht an íospartaigh agus/nó a leanaí cleithiúnacha a chosaint. Is cion coiriúil sárú ar aon ordú a dhéantar faoin reachtaíocht um fhoréigean teaghlaigh agus is féidir leis na póilíní duine a sháraíonn a leithéid d'ordú a ghabháil agus a chúiseamh ([17]).

Thrasuigh Éire Treoir 2012/29/AE maidir le caighdeáin íosta choiteanna i ndáil le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh coireachta leis an mBille um Cheartas Coiriúil 2015 (Cearta Íospartach), lena gcinntítear go bhfaighidh mná ar íospartaigh an fhoréigin ar bhonn inscne iad seirbhísí tacaíochta speisialaithe. Tugann na bearta sin cosaint do mhná óna thuilleadh foréigin.

I mí Mheán Fómhair 2016, fógraíodh go mbunófar aonaid réigiúnacha póilíní chun dul i ngleic le drochíde teaghlaigh agus le cionta gnéasacha ([18]), mar aon le próiseas bainistíochta riosca nua chun íospartaigh drochíde teaghlaigh a chosaint ([19]).

Shínigh Éire Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl) i mí na Samhna 2015, ach níl sé daingnithe aici fós. Is é Coinbhinsiún Iostanbúl an conradh idirnáisiúnta is forleithne chun dul i ngleic leis an sárú tromchúiseach seo ar chearta an duine. Tá plean gníomhaíochta dréachtaithe ag Rialtas na hÉireann a bhfuil gníomhartha sonracha ann nach mór a ghlacadh sula bhféadfaidh Éire an Coinbhinsiún a dhaingniú ([20]).

Cén chabhair atá ar fáil in Éirinn?

Tugann seirbhís Líne Chabhrach Saorghlao Náisiúnta Chúnamh do Mhná (1 800 341 900) tacaíocht agus eolas ar bhonn 24/7 dóibh siúd a nglaonn atá ag fulaingt drochíde óna bhfir céile nó óna bpáirtithe reatha, nó ó iarfhir chéile nó iarpháirtithe ([21]). In 2015, nochtadh 16 375 chás foréigin teaghlaigh in aghaidh ban do Chúnamh do Mhná ([22]).

Tá an Líne Chabhrach Náisiúnta d'Fhoréigean Gnéasach (1 800 778 888) á feidhmiú ag Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath agus tugann sé tacaíocht ar an teileafón agus atreo chuig seirbhísí áitiúla do gach marthanóir aosach d'fhoréigean gnéasach agus drochúsáid ghnéasach leanaí.

Tá 21 ionad dídine do mhná in Éirinn ina bhfuil 141 sheomra do theaghlaigh ar fáil. Cuireadh lóistín ar fáil do 4 007 bean agus leanbh in 2014 i lóistín dídine éigeandála ([23]).

Tá 21 ionad dídine do mhná in Éirinn ina bhfuil 141 sheomra do theaghlaigh ar fáil.

Líne Chabhrach Saorghlao Náisiúnta Chúnamh do Mhná (1 800 341 900)

In 2015, nochtadh 16 375 chás foréigin teaghlaigh in aghaidh ban do Chúnamh do Mhná.

Fonótaí

(1) Comhairle na hEorpa (2011). *Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, agus a meamram míniúcháin.* Sraith Uimh. 10 de chuid Conradh na Comhairle Eorpaí. Ar fail ag: https://www.coe.int/en/web/conventions/full-list/-/conventions/treaty/210

(2) Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (2014). *Foréigean in aghaidh na mBan: Suirbhé ar fud AE — Príomhthorthaí,* Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

(3) An Coimisiún Eorpach (2016). *Eorabharaiméadar*. Ar fail ag: http://ec.europa.eu/COMMFrontOffice/PublicOpinion/index.cfm/Chart/getChart/themeKy/18/groupKy/88

(4) An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (2013). *Innéacs Comhionannais Inscne — Tuarascáil.* Ar fáil ag: http://eige.europa.eu/sites/default/files/documents/Gender-Equality-Index-Report.pdf

(5) Ibid. Is ionann 33 % agus an leibhéal foréigin a nochtadh in AE.

(6) An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (2014). *Measatachán a dhéanamh ar na costais a ghabhann le foréigean ar bhonn inscne san Aontas Eorpach — Tuarascáil,* Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg. Ar fail ag: http://eige.europa.eu/sites/default/files/documents/MH0414745EN2.pdf

(7) *An costas a bhaineann le foréigean teaghlaigh san Eastóin*. Ar fail ag:https://www.sm.ee/sites/default/files/content-editors/Sotsiaal/Norra/vagivalla_hind.pdf

(8) An Oifig Náisiúnta um Chosc ar Fhoréigean Teaghlaigh, Gnéis agus Inscne-bhunaithe (2016). *Fionnachtana an Taighde.* Ar fail ag: http://www.cosc.ie/en/COSC/Pages/WP08000146#nsda

(9) Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (2014). *Foréigean in aghaidh na mBan: Suirbhé ar fud AE — Príomhthorthaí,* Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

(10) *An Phríomh-Oifig Staidrimh. Coir — Cionta Coiriúla Taifeadta.* Ar fáil ag: http://www.cso.ie/multiquicktables/quickTables.aspx?id=cja01

(11) Eurostat (2015). *Gáinneáil ar dhaoine,* Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg. Ar fáil ag: https://ec.europa.eu/anti-trafficking/sites/antitrafficking/files/eurostat_report_on_trafficking_in_human_beings_-_2015_edition.pdf

(12) Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (2014). *Foréigean in aghaidh na mBan: Suirbhé ar fud AE — Príomhthorthaí,* Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

(13) An Oifig Náisiúnta um Chosc ar Fhoréigean Teaghlaigh, Gnéis agus Inscne-bhunaithe, *An Dara Straitéis Náisiúnta ar Fhoréigean Teaghlaigh, Gnéis agus Inscne-bhunaithe (2016–2021).* Ar fáil ag: http://www.cosc.ie/en/COSC/Second%20National%20Strategy.pdf/Files/Second%20National%20Strategy.pdf

(14) Rialtas na hÉireann, *Dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Mná, Síocháin agus Slándáil (2015–2018)*. Ar fáil ag: https://www.dfa.ie/media/dfa/alldfawebsitemedia/ourrolesandpolicies/ourwork/empoweringwomen-peaceandsecurity/Irelands-second-National-Action-Plan-on-Women-Peace-and-Security.pdf

(15) An Coimisiún Eorpach (2013). *Dea-chleachtas maidir le comhionnanas inscne a mhalartú — Bearta chun foréigean i gcoinne na mban a chomhrac — An Spáinn, 16–17 Aibreán 2013 — Plépháipéar — Éire*. Ar fáil ag: http://ec.europa.eu/justice/gender-equality/files/exchange_of_good_practice_es/ie_discussion_paper_en.pdf

(16) Féach http://www.moveireland.ie

(17) An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh, Éire (2015). *Orduithe urchoisc, sábháilteachta agus cosanta.* Ar fáil ag: http://www.citizensinformation.ie/ga/birth_family_relationships/problems_in_marriages_and_other_relationships/barring_safety_and_protection_orders.html

(18) *Fáiltíonn Comhairle Náisiúnta na mBan in Éirinn (NWCI) roimh an bhfógra go mbunófar aonaid réigiúnacha póilíní chun dul i ngleic le drochíde teaghlaigh agus le cionta gnéasacha.* Ar fáil ag: http://www.nwci.ie/index.php?/learn/article/nwci_welcomes_announcement_of_regional_units_to_tackle_domestic_abuse_and_s

(19) RTÉ (2016). *Imní á léiriú faoin tionchar a bheadh ag gníomhaíocht thionsclaíoch ar phóilíneacht*. Ar fáil ag: https://www.rte.ie/news/2016/0929/820226-noirin-osullivan-policing-authority/

(20) An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. *Plean gníomhaíochta Choinbhinsiún Iostanbúl*. Ar fáil ag: http://www.justice.ie/en/JELR/ActionPlanIstanbulConNovember.pdf/Files/ActionPlanIstanbulConNovember.pdf

(21) Cúnamh do Mhná (2015). *Tuarascáil tionchair de chuid Cúnamh do Mhná,* lch. 14. Ar fáil ag: https://www.womensaid.ie/about/policy/publications/ImpactReport2015/

(22) Cúnamh do Mhná (2016). *Tuarascáil tionchair de chuid Cúnamh do Mhná,* lch. 12. Ar fáil ag: https://www.womensaid.ie/about/policy/publications/ImpactReport2015/

(23) SAFE Ireland (2016). *The State We Are in 2016 — Towards a Safe Ireland for Women and Children*. Ar fáil ag: http://www.safeireland.ie/safeireland-docs/STATE-WE-ARE-IN-SAFE-IRELAND.pdf

An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne

Is é an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) lárionad faisnéise de chuid an Aontais Eorpaigh a bunaíodh chun cur le cur chun cinn comhionannas inscne. Tacaíonn EIGE le lucht déanta beartas agus le hinstitiúidí ábhartha lena n-iarrachtaí chun comhionannas idir mná agus fir a bhaint amach do shaoránaigh uile an Aontais le saineolas áirithe agus sonraí inchomparáide iontaofa maidir le comhionannas inscne san Eoraip a chur ar fáil.

Tuilleadh faisnéise:

http://eige.europa.eu

http://www.twitter.com/eurogender

http://www.facebook.com/eige.europa.eu

http://www.youtube.com/eurogender

http://eurogender.eige.europa.eu

An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne , EIGE
Gedimino pr. 16
LT-01103 Vilnius
LITHUANIA
Teil. +370 52157444
R-phost: eige.sec@eige.europa.eu

Oifig na bhFoilseachán

Paper	MH-04-16-660-GA-C	978-92-9493-473-4	10.2839/97725
PDF	MH-04-16-660-GA-N	978-92-9493-471-0	10.2839/5360